Gnéithe

Foinse
Príomhnuachtán náisiúnta na Gaeilge

Faisean – Bríste Palazzo

Bean Feasa an Fhaisin
Bláthnaid Ní Dhonnchadha

Le roinnt blianta anuas anois is é an stíl bhrístí is mó atá feicthe againn ná brístí tanaí. Idir jíons agus luiteoga, is minic a bhíonn ár gcóras fola srianta leo!

Nuair a tháinig siad amach ar dtús bhíomar ábhairín stadach fúthu mar ní raibh caite againn go dtí sin ach bríste spréite. D'fhéadfá a rá go rabhamar féin-chomhfhiosach agus muid á gcaitheamh fiú mar gheall ar chomh teann is atá siad.

Rinne leithéidí Kate Moss an stíl seo cáiliúil agus mealltach agus níl stíl ar bith eile caite againn ó shin, bhuel go dtí anois!

Gan dabht tá neart stíleanna spréite timpeall i láthair na huaire mar gheall ar threocht mhór an tséasúir seo, is é sin stíl na seachtóidí.

Tá coimeanna arda ar na jíons seo agus cosa breátha leathana orthu a oireann do gach duine. Ag cur leis an druidim seo ó na brístí tanaí tá stíl eile bríste nach bhfuil feicthe againn ó na hochtóidí, is ea, an séasúr seo táimid ag caitheamh brístí palazzo!

Is cuimhin liom brístí palazzo a chaitheamh nuair a bhí mé sa bhunscoil nuair nach ndéanfadh aon stíl eile an chúis dom, chaithfinn iad le bástcóta san éadach céanna, tá náire orm ag smaoineamh faoi na cultacha seo fiú. Ach i mbliana bhí D&G, Fendi agus Richard Nicoll sásta brístí palazzo a chur san áireamh ina gcuid bailiúchán. Bhí leagan bláthach ag D&G, chruthaigh Fendi éifeacht blocáil dathanna leo agus bhí pléataí le feiceáil ar leagan Richard Nicoll.

Ach an treocht é seo atá níos feiliúnaí don sclábhaí faisin nó an féidir linn ar fad iarracht a bhaint as? Is dóigh gur féidir ach cloí le roinnt rialacha leo. Ó thaobh bróg de, caithigí bróga tiubha cosúil le bróga dinge nó bróga a bhfuil sála arda tiubha orthu chun stíl na seachtóidí a chruthú.

Le barréidí, cuir isteach faoi na brístí iad agus caith crios beag tanaí leo, tá sé tábhachtach do choim a thaispeáint mar gheall ar an méid atá ar bun.

Oibríonn seaicéid éadroma in éadach cosúil le síoda leo agus is deas an rud é do mhuinchillí a chrapadh suas.

1 Tagann mo chéad rogha ó na siopaí an tseachtain seo ó **DOROTHY PERKINS** mar atá á chaitheamh ag an mainicín anseo. Is culaith léime é le bríste palazzo air, an-deas ar **€55.00**.

2 Is rogha an-éagsúil an dara péire seo uathu atá déanta as seacainí, cinnte ba chóir iad seo a choimeád mar phríomhghné na culaithe agus gach rud eile a choimeád an-bhunúsach leo. Is féidir iad a cheannach ar **€151.00**.

3 Is ó **DOROTHY PERKINS** na cinn dhonna seo le fad níos giorra orthu, is maith liom an crios mar shonra orthu, cosnaíonn na cinn seo **€70**.

4 Seo péire níos sofaisticiúla b'fhéidir ó **ASOS.COM**, gan dabht tá brístí bána go hálainn i rith an tsamhraidh agus tá an gearradh an-deas ar na cinn seo ar **€39.36**.

5 Píosa spraoi amach is amach na cinn bláthacha seo ó **MISS SELFRIDGE** ar **€59.00**, bheidís go deas le barréide dhubh nó bhán agus bróga fiorard.

Brístí tanaí: Skinny jeans
Luiteoga: Tights
Srianta: Restrained
Comhfhiosach: Conscious
Mealltach: Enticing
Stíleanna spréite: Flared styles
Coimeanna: Waists
Pléataí: Pleats

Taisteal

Ag dul ar aistear ar an traein sa Fhrainc

Tim Hedgley

Iré seo na n-eitiltí saora agus na saoire deireadh seachtaine cathrach, tá sé an-éasca go deo dul ar cuairt chuig príomhchathracha na hEorpa agus gan bacadh leis an gcuid eile den tír. Ach cad chuige a bhfágfá an tuath álainn, na bailte mealltacha agus na tránna iargúlta ag muintir na háite amháin?

Má nascann tú d'eitilt as Éirinn le cúpla turas ar ghréasán iarnróid ardluais na hEorpa, a mbíonn éad orm faoina éifeachtacht, ní bheidh deireadh go brách leis an méid a d'fhéadfá a dhéanamh agus feicfidh tú go cinnte fíorshaol na tíre.

Is sa Fhrainc atá an taisteal iarnróid i mbarr a réime. Uaireanta is féidir le saoire ghearr cathrach dúil a spreagadh ionainn cúpla lá a chaitheamh go suaimhneach sona. Céard faoi chúpla lá a chur le do shaoire, agus cúpla lá a chaitheamh sa chathair mhór le cúpla lá eile ag spaisteoireacht trí gharraithe áille labhandair? Tá sé i bhfad níos gaire ná mar a shílfeá.

Féadfaidh traenacha cáiliúla TGV na Fraince thú a thabhairt go cathair mheánaoiseach Avignon in dhá uair agus 20 nóiméad, agus tosaíonn na táillí ag costas íseal £19.50 aontreo.

Is beag áit sa Fhrainc atá chomh mórthaibhseach le cathair dhrámata mhúrtha Avignon. Tá sé lán d'ailtireacht ardnósach agus de shéadchomharthaí millteacha a léiríonn cumhacht na meánaoise.

Bíonn na foirgnimh seo ina gcúlra den scoth don fhéile ealaíon is mó agus is sine sa tír i mí Iúil.

Is lárionad iontach é Avignon chun dul ag taisteal i gceantar máguaird Provence freisin, agus feictear brat corcra ar líon ollmhór den tuath álainn nuair a thagann na garraithe cáiliúla labhandair chun aibíochta sa samhradh.

Níl Aix-en-Provence, príomhchathair ghalánta Provence, ach 20 nóiméad ó Avignon ar thraein TGV, agus tosaíonn na táillí ag £13.50 aontreo.

Téigh go Cours Mirabeau aoibhinn faoi chrainn, an tsráid is áille sa Fhrainc seans, ina bhfuil scairdeáin agus caiféanna gleoite ina stopadh Cezanne go rialta do ghreadóg ar thráthnónta áille samhraidh.

Áilleacht: Féadfaidh traenacha cáiliúla TGV tú a thabhairt go cathair Avignon (thuas)

Is é an t-aon chuid dheacair de seo ar fad an t-eachtra iarnróid a fhágáil agus dul ar ais ag an halla fuar cliniciúil imeachta san aerfort don turas deiridh ar ais abhaile.

Má tá tú i dTuaisceart Éireann féadfaidh tú ticéid a cheannach ar raileurope.co.uk.

Más i bPoblacht na hÉireann atá tú, tá eolas le fáil trí ghníomhaire turais Iarnród Éireann (irishrail.ie) nó glaoigh ar 1850 366 222.

Tuath: Countryside
Gréasáin iarnróid ardluais: Highspeed rail networks
Ailtireacht: Architecture
Séadchomharthaí: Monuments